

NAOMH MÁRTAN

Seán Ó Criotháin,

Mionlach, Gaillimh,

Dá innseacht

11/3/1940

Bhí trí mhuileann ag Mártain agus é a'meilt don oileán ar fad. Fear reamhar beathaidhe, a bhí ann agus bhí sé dubh ina chreideamh, ní raibh creideamh ar bith aige. Tháinig Mac Dé isteach chuige ag iarraidh déirce. D'éitigh sé é. D'imithigh Mac Dé arís. Ní raibh sé abhfad imthighthe, nuair a stop na trí mhuileann. Chuimhnigh sé annsin gurbh é Mac Dé a tháinig go dtí é ag iarraidh déirce, agus chuaidh sé ina dhiadh.

Bhí Mac Dé imithighthe abhfad agus leis an siúbhal a bhí faoi Mhártan tháinig giorradh anála air. Bhí sé plúchta. Tharraing sé amach a sgian agus leig sé fuil agus tháinig a anál arís. D'imthigh leis arís agus tháinig sé suas le Mac Dé. D'innis sé dó go raibh na trí mhuileann stoptha. Dubhairt Mac Dé leis a ghul ar ais agus trí ghráinne arbhar a chaitheamh ar rotha gach muileann aca, agus go dtosóchadh na muilinn ag obair arís. Chuaidh sé ar ais agus chaith sé trí ghráinne arbhair ar rotha gach mhuilinn mar dubhairt Mac Dé leis, agus chomh luath agus a chaith thosuigh na muilinn ag obair arís.

Bhí Mártan cinnte annsin gurbh é Mac Dé a tháinig chuige. Dubhairt sé ar an bpointe, go leanfadh sé Mac Dé agus chuaidh sé ina dhiadh aríst gur tháinig sé suas leis. Nuair a tháinig sé suas le Mac Dé d'fhiafruigh sé dhe, "cá raibh sé a gul"?

"Tá mé a gul dho do leanacht", arsa Mártain.

"Má leanann tú mise", arsa Mac Dé, "deanfaidh mé naomh dhíot", agus rinne. Dóirtear an fhuil i n-onóir do Mhártan, mar gheall ar an bhfuil a tharraing sé fhéin, nuair a bhí sé ag iarraidh anála agus, é a leanacht Mhic Dé.